

ECDC FAISNÉIS SLÁINTE

Faisnéis maidir le galar na Léigiúnach do bhainisteoirí cóiríochta do thurasóirí

Séanadh: Is chun críocha faisnéise ginearálta amháin atá an bhileog faisnéise seo. Déan teagmháil leis na húdaráis fhreagracha i do thír féin i gcomhair treorach nó reachtaíochta a bhaineann go sonrach leis an tír sin.

Céard é galar na Léigiúnach?

Cúlra

Gach bliain tuairiscítear gur tholg breis is 1000 taistealaí galar na Léigiúnach*. Mar sin féin, féadfar an baol a laghdú go dtolfaí galar na Léigiúnach i gcóiríocht taistil. Tá faisnéis sa bhileog seo d'úinéirí nó bainisteoirí cóiríochta do thurasóirí (e.g. óstáin, árasáin, láithreáin champála).

Cad é galar na Léigiúnach?

Is droch-chineál niúmóine (ionfhabhtú scamhóige) é galar na Léigiúnach arb iad na baictéir *Legionella* is cúis leis. Faigheann thart ar 5–10% de na hothair bás leis. Ní bhuailteann tinneas gach duine a nochtar do *Legionella*. Is iad na daoine a bhfuil bunghalar orthu, daoine a bhíonn ag caitheamh tobac agus daoine breacaosta a bhfuil an baol is mó ann go bhfágfadh *Legionella* tinn iad. Is iondúil go mbíonn airíonna le sonrú idir dhá lá agus deich lá tar éis an ionfhabhtaithe, ach i gcorrchás d'fhéadfadh suas le trí seachtaine a bheith caite sula mbeadh airíonna le sonrú.

Tosaíonn an tinneas de ghnáth le fiabhras, crithfhuacht, tinneas cinn agus pianta sna mataín. Tagann céithireacht ar an othar ina dhiaidh sin agus bíonn deacrachtaí anála aige nó aici ar féidir le drochniúmóine teacht sna sála orthu. I gcás thart ar aon trian d'othair bíonn urlacan nó buinneach orthu agus tagann mearbhall nó rámhaille ar thimpeall a leath. I gcás fhormhór na n-othar, ní mór iad a thabhairt ag an ospidéal agus cóir leighis a chur orthu le hantaibheathaigh chúí. Bíonn tástálacha saotharlainne ar leith de dhíth chun an diagnóis a dhéanamh. Is minic gur tar éis don taistealaí fillleadh abhaile a dhéantar an diagnóis.

Conas a dhéantar galar na Léigiúnach a tholghadh?

Déantar galar na Léigiúnach a tholghadh trí bhraoiníní bídeacha uisce (aerasóil) a ionanálú ina bhfuil na baictéir *Legionella*. Maireann na baictéir sin san uisce agus déantar iomadú orthu nuair a bhíonn dálaí cuí ann, mar shampla, uisce marbh i gcórais uisce de dhéantús an duine idir 20°C agus 50°C. Féadfar aerasóil ina bhfuil *Legionella* a tháirgeadh, mar shampla, trí sconna nó cithfholcadán a rith, i mboilgeoga atá ag ardú tríd an uisce i linn spá nó i roinnt córas aerchóirithe.

* An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Galar na Léigiúnach san Eoraip, 2014. Stóckólm: ECDC; 2016. Ar fáil ó <http://ecdc.europa.eu/en/publications/Publications/legionnaires-disease-europe-2014.pdf>

An í an chóiríocht foinse an infhabhtaithe?

Má thuairiscítear go raibh duine ar a bhfuil galar na Léigiúnach ag fanacht i gcóiríocht ar leith, ní gá go bhfágadh sé sin gur ansin a tholg an t-othar an galar. D'fhéadfadh sé nó sí a bheith tar éis an galar a tholghadh in áiteanna éagsúla. Mar sin féin, más rud é gur sa chóiríocht chéanna a bhí dhá othar, go háirithe más laistigh de thréimhse ghearr é, is mó an seans gurb í an chóiríocht foinse an ghalair. Sa chás sin, ní mór imscrúduithe práinneacha a dhéanamh ag an gcóiríocht.

I do cháil mar bhainisteoir cóiríochta do thurasóirí, ba chóir duit a bheith ar an eolas faoin mbaol ó ghalair na Léigiúnach agus bearta a ghlacadh chun an baol sin a laghdú an méid is féidir.

Céard iad na limistéir ina bhfuil baol i gceist i gcóiríocht do thurasóirí?

Tá baol infhabhtaithe i gceist in áit ar bith inar féidir braoiníní uisce (aerasóil) a chruthú. Seo thíos roinnt samplaí díobh sin:

- Cithfholcadáin agus sconnaí
- Folcadáin spá/ghuairneáin
- Túir fuarúcháin agus comhdhlúthadáin ghalaitheacha a úsáidtear le haghaidh aerchóirithe
- Scairdeáin ornáideacha, go háirithe más faoi dhion atá siad
- Taisirí i gcomhair bia agus gléasanna ceo-chóireála eile
- Córais uisce na bpiobán gairdín a úsáidtear chun uisce a chur ar na plandaí

Cén áit is féidir le baictéir *Legionella* maireachtáil agus iomadú?

- In uisce, ag teocht idir 20°C agus 50°C
- In umair uisce fhuair nó uisce the nó i sistéil
- I bpiopaí nach mbíonn ach sreabhadh beag uisce iontu, más sreabhadh ar bith (seomraí neamháitithe san áireamh)
- Sa slám (bithscreamh) sa salachar ar na dromchlaí laistigh de phiopaí agus d'umair
- Ar rubar agus snáithíní nádúrtha i leicneáin agus i séalaí
- I dtéitheoirí uisce agus in umair stórála uisce the
- Sa screamh agus sa chreimeadh i bpiopaí, cithfholcadáin agus sconnaí.

Spreagann na dálaí sin fás an *Legionella* agus bíonn baol níos mó ionfhabhtaithe i gceist i measc aionna agus baill foirne.

Conas a dhéanaimid monatóireacht ar ghalair na Léigiúnach?

Déanann Líonra Faireachais na hEorpa um ghalair na Léigiúnach (ELDSNet) faireachas i leith ghalair na Léigiúnach. Is é an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) a dhéanann comhordú air. Cuimsítear sa líonra eipidéimeolaithe agus micribhitheolaithe arna n-ainmniú ag údaráis náisiúnta sláinte poiblí in AE agus ina lán tíortha ar fud an domhain. Comhroinneann an líonra sin faisnéis idir tíortha ar éirí daoine tinn iontu agus na tíortha ina bhféadfadh sé gur tholg siad an galar. Ina theannta sin, tá nósanna imeachta ag an líonra sin i dtaobh tionscnóirí turas a chur ar an eolas faoi bhraislí cásanna. Is féidir an baol sin a laghdú ach plean rialaithe *Legionella* a bheith i bhfeidhm.

Cad is féidir liom a dhéanamh i mo cháil mar bhainisteoir cóiríochta do thurasóirí chun galar na Léigiúnach a sheachaint i measc mo chuid aíonna?

An baol a laghdú: plean 15 phointe chun baol an *Legionella* a laghdú

Is féidir baol ghalar na Léigiúnach a íoslaghdú.

Moltar do lucht óstán agus d'úinéirí cóiríochta cloí leis an bplean 15 phointe chun baol an *Legionella* a laghdú:

1. Biodh duine ainmnithe amháin freagrach as rialú *Legionella*.
2. Cinntigh go bhfuil oiliúint leordhóthanach ar an duine ainmnithe agus taithí go leor aige nó aici chun an ról a chomhlíonadh go sásúil agus go gcuirfear oiliúint ar bhaill foirne eile ionas go mbeidh siad ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann leis an ról atá acu i dtaobh *Legionella* a choinneáil faoi smacht.
3. Biodh an t-uisce te téite agus i gcúrsaíocht i gcónaí: 50°C – 60°C (río-the go gcuirfeadh duine a lámha ann ar feadh níos mó ná cúpla soicind) ar fud an chórais teo-uisce go léir.
4. Biodh an t-uisce fuar fuaraithe i gcónaí. Ba chóir é a choinneáil ag teochtaí níos ísle na 20°C ar fud an chórais go dtí gach bealach amach (d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé sin indéanta nuair a bheidh an teocht chomhthimpeallach ard, ach ba chóir gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go gcoinneofar chomh fuar is féidir an t-uisce fuar a thagann isteach san áitreabh agus atá á stóráil.
5. Cas air gach sconna agus cithfholcadán i seomraí aíochta agus i limistéir eile ar feadh cúpla nóiméad ionas go dtarraingeofar an t-uisce chomh fada leo (go dtí go mbainfear amach na teochtaí atá sonraithe i bpointe 3 agus pointe 4) uair sa tseachtain ar a laghad mura bhfuil na seomraí áitithe, agus sula n-áiteofar iad i gcónaí.
6. Coinnigh sconnaí cithfholcadáin agus sconnaí eile glan agus saor ó choirt.
7. Glan agus díghalraigh go rialta túir fuarúcháin agus na píopaí a ghabhann leo i gcórais aerchóirithe – dhá uair in aghaidh na bliana ar a laghad.
8. Glan, draenáil agus díghalraigh téitheoirí uisce (calraitheoirí) uair sa bhliain.
9. Díghalraigh an córas teo-uisce le clóirín ardleibhéil (50mg/l) ar feadh 2-4 uaire an chloig tar éis obair a bheith déanta ar an gcóras agus ar théitheoirí uisce agus roimh thús gach séasúir.
10. Glan agus díghalraigh gach scagaire uisce go rialta, de réir mar atá treoraithe ag an monaróir, gach tréimhse míosa go trí mhí ar a laghad.
11. Déan scrúdú míosúil ar umair stórála uisce, ar thúir fuarúcháin agus ar phiopaí atá le feiceáil. Cinntigh go bhfuil na cumhdaithe go léir i gcaoi mhaith agus go bhfuil siad suite go daingean.
12. Scrúdaigh an taobh istigh d'umair uisce fhuair ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana agus díghalraigh iad le 50mg/l clóirín, agus glan iad má tá spruadar nó aon salachar eile iontu.
13. Nuair a bhítear ag déanamh athruithe ar an gcóras nó ag déanamh obair shuiteála, cinntigh nach gcruthófar píopaí ina bhfuil sreabhadh uisce eatramhach nó gan sreabhadh uisce ar bith, agus díghalraigh an córas tar éis obair ar bith a bheith déanta.
14. Má tá linn spá (a dtugtar spánna guairneáin, tobáin cuilithe nó folcadáin spá orthu freisin) ann, cinntigh go ndéanfar an méid seo a leanas:
 - í a chóireáil go leanúnach le 2 – 3mg/l clóirín nó bróimín agus go ndéanfar monatóireacht ar na leibhéil agus an pH trí huair ar a laghad in aghaidh an lae;
 - uisce nua a chur in ionad ar a laghad leath an uisce gach lá;
 - scagairí gainimh a ais-sruthlú gach lá;
 - an córas iomlán a ghlanadh agus a dhíghalrú uair sa tseachtain.
15. Coinnigh taifead laethúil ar gach uile léamh cóireála uisce, amhail teocht, pH agus tiúchain chlóirín agus cinntigh go seiceálfadh an bainisteoir go rialta iad.

Ba chóir comhairle bhreise maidir le rialuithe sonracha a lorg ó shaineolaithe sa réimse seo. Is féidir leosan measúnú riosca iomlán a dhéanamh i leith na cóiríochta. Beidh na húdaráis sláinte poiblí i do cheantar féin in ann tuilleadh comhairle a chur ort.

Tástáil i gcomhair *Legionella* sa timpeallacht

Uirlis áisiúil is ea an tástáil i gcomhair *Legionella* más rud é gur daoine oilte a thugann faoi agus go ndéanann siad measúnú ar an gcóras uisce an tráth céanna. Ina theannta sin, ba chóir go scrúdófaí samplaí uisce i saotharlanna atá creidiúnaithe i leith tástáil *Legionella* (mar shampla, UKAS, ISSO, ACCREDIA nó comhlachtaí náisiúnta dá samhail). Ní gá go bhfágfadh toradh diúltach go bhfuil an chóiríocht saor ó *Legionella* ná nach bhfuil baol ar bith i gceist.

Conas is féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Ar an leathanach ELDSNet*, gheobhaidh tú tuilleadh eolais agus nasc leis an doiciméad 'European technical guidelines for the prevention, control and investigation of infections caused by *Legionella* species, June 2017'.

* <https://ecdc.europa.eu/en/about-us/partnerships-and-networks/disease-and-laboratory-networks/eldsnet>